
Ceisteanna Coitianta (CCanna)

Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin.

Cé atá in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin?

Tá seirbhísí Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta na nÚdarás Áitiúil ar fáil do gach Marthanóir Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin.

Tugadh na seirbhísí seo isteach i ndiaidh gealltanais ón Rialtas a chinntiú go dtugtar tosaíocht don ghrúpa seo de Mharthanóirí maidir le liostaí feithimh tithíochta sóisialta, áit a bhfuil riachtanas tithíochta acu, agus chun oifigigh thiomanta laistigh d'fhoirne tithíochta a shainaithe chun gníomhú mar idirchaidreamh.

Tá Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin ainmnithe ag gach ceann de 31 údarás áitiúil na hÉireann anois chun tacaíocht a sholáthar do Mharthanóirí, lena n-áirítear faisnéis, treoir, comharthaíocht agus cúnamh maidir le conas rochtain a fháil ar sheirbhísí tithíochta na n-údarás áitiúil.

Níl an tseirbhís teoranta do dhaoine atá ar liosta tithíochta cheana féin; baineann sé freisin le Marthanóirí a dteastaíonn cabhair uathu chun iarratas a dhéanamh ar thithíocht shóisialta nó chun tuiscint a fháil ar na seirbhísí tithíochta eile atá ar fáil, lena n-áirítear tacaíochtaí do dhaoine gan dídean, ligean ar cíos bunaithe ar rogha, bailiú cíosa agus iasachtaí agus riaráistí, cothabháil stoic tithíochta, iasachtaí agus deontais tithíochta príobháidí, cóiríocht don Lucht Siúil.

Cén páipéarachas a iarrfar orm a sholáthar chun a dheimhniú gur Marthanóir mé?

Tá sé mar aidhm ag údarás áitiúla incháilitheacht a dheimhniú ar an mbealach is íogaire agus is atruacha agus is féidir.

D'fhéadfaí go n-iarrfaí comhfhreagras ort atá ann cheana ó chomhlacht Stáit eile a aithníonn tú cheana féin mar Mharthanóir, mar shampla:

- Litreacha ón Roinn Oideachais nó ó Caranua.
- Litreacha ón Roinn Sláinte, FSS, nó dearbhú atá nasctha le cárta leighis Marthanóirí.
- Is féidir aon taifead oifigiúil a thaispeánann go raibh tú i scoil thionsclaíoch nó cheartúcháin a úsáid. D'fhéadfadh litreacha sásaimh, taifid institiúideacha,

comhfhreagras ó Caranua nó comhaid ó sheirbhísí Stáit (amhail oideachas, sláinte, nó seirbhísí sóisialta) a bheith san áireamh leis seo.
Ní iarrfar ort cur síos a dhéanamh ar d'eispéiris ná iad a athbheochan.

Níl taifid ná páipéarachas agam lena dheimhniú gur Marthanóir mé. An féidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin cabhrú liom na taifid sin a fháil

Mura bhfuil doiciméid agat, is féidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin treoir a thabhairt duit agus tú a threorú chuig eagraíochtaí nó comhlachtaí stáit ábhartha a d'fhéadfadh a bheith in ann cabhrú leat incháilitheacht a dhearbhu.

Forbraíodh an próiseas seo chun ualach éagórach a sheachaint ar Mharthanóirí agus chun a chinntiú go ndéantar gach fiosrúchán a láimhseáil go discréideach, go híogair agus go measúil.

Conas is féidir liom bualadh le hOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin nó coinne a dhéanamh leo?

Tá Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin ainmnithe ag gach údarás áitiúil.

Féadfaidh tú:

- Teagmháil dhíreach a dhéanamh le do roinn tithíochta údaráis áitiúil agus iarr ar Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin
- A atreorú chuig Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin trí Abhcóideacht Sage, ar féidir leo cabhrú leat teagmháil a dhéanamh agus ullmhú don rannpháirtíocht

Tá údaráis áitiúla i mbun sonraí teagmhála a fhógairt go poiblí do na hoifigigh seo lena chinntiú go bhfuil sé éasca teacht orthu.

Cé hiad Abhcóideacht Sage agus conas is féidir leo tacaíocht a thabhairt dom?

Is é Abhcóideacht Sage an tseirbhís náisiúnta abhcóideachta do dhaoine breacaosta agus do mharthanóirí mí-úsáide institiúideach freisin.

I mí na Samhna 2023, d'iarr an Roinn Oideachais ar Abhcóideacht Sage a seirbhís abhcóideachta a leathnú chuig marthanóirí mí-úsáide institiúideach.

Tacaíonn foireann abhcóidí náisiúnta Sage le marthanóirí, ar bhonn duine le duine, rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi sheirbhísí a bhfuil siad i dteideal a fháil agus, nuair is gá, cabhrú le rochtain a fháil orthu. Tá an tseirbhís abhcóideachta bunaithe ar thoiliú agus ar shaincheisteanna saor in aisce agus rúnda. Feidhmíonn na habhcóidí neamhspleách ar bhaill teaghlaigh, soláthraithe seirbhíse agus leasanna córas, bíodh siad eaglaiseach, stáit nó institiúideach. I measc na saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu ar bhonn duine le duine le marthanóirí tá teidlíochtaí airgeadais, dlí, tithíochta, leighis agus leasa shóisialaigh etc. Níl aon leas eile ag abhcóide neamhspleách seachas guth agus cearta gach duine a chur chun cinn, a thacú agus a chosaint, agus ní dhéanfaidh sé beart ach amháin ar threoir agus le toiliú ó na marthanóirí atá ag lorg tacaíochta abhcóideachta.

Déanann Sage iarracht freisin aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá roimh mharthanóirí ar leibhéal sistéamach.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hAbhcóideacht Sage ag 01 536 7330, nó ríomhphost a sheoladh chuig info@sageadvocacy.ie chun tuilleadh eolais a fháil.

Cad iad na seirbhísí a chuirfidh an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin ar fáil?

Is é ról an Oifigh Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin ná:

- Feidmiú mar phointe teagmhála laistigh den údarás áitiúil
- Eolas agus treoir shoiléir a chur ar fáil maidir le seirbhísí tithíochta
- Cabhrú leat iarratas a dhéanamh ar thithíocht shóisialta, más gá
- Cabhrú leis an údarás áitiúil do chúinsí a thuiscint ionas go bhfreagróidh na seirbhísí go cuí
- Seirbhísí tithíochta speisialaithe eile a threorú laistigh den údarás áitiúil

Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas nach bhfuil aon fheidhm phróiseála nó cinnteoireachta i gceist le hOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin maidir le haon seirbhísí ar mian leat rochtain a fháil orthu. Tá ról an oifigh idirchaidrimh teoranta do chúnaimh a thabhairt do mharthanóirí trí fhaisnéis agus treoir a sholáthar, agus bheith ina phointe teagmhála.

An bhfuil na seirbhísí seo ar fáil do bhaill teaghlaigh na marthanóirí?

Díríonn seirbhísí Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin ar an Marthanóir, ach cuirtear baill de theaghlach an Mharthanóra san áireamh sa chás go bhfuil a gcuid riachtanas mar chuid den staid fhoriomlán tithíochta.

Mar shampla:

- Céile, páirtí nó duine muinteartha cleithiúnach a chónaíonn leis an Marthanóir
 - Cásanna ina bhfuil cóiríocht an teaghlaigh neamhoiriúnach mar gheall ar riachtanais mhíchumais, sláinte nó leasa
-

An mbuailfidh Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin liom i mo theach féin má tá mé faoi mhíchumas?

Nuair is gá, féadfar socruithe malartacha a bhreithniú, i gcomhréir le gnáthchleachtas na n-údarás áitiúil.

An féidir le tríú páirtí dul i dteagmháil le hOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin thar mo cheann?

Is féidir, féadfaidh tú tríú páirtí a cheapadh chun dul i dteagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin de chuid an údaráis áitiúil thar do cheann. Ba chóir go mbeadh an duine seo ina dhuine a bhfuil muinín agat as agus is féidir leat iad a ainmniú chun gníomhú i ról d'abhcóide.

Beidh ort do thoiliú sainráite a thabhairt don údarás áitiúil chun go ngníomhóidh tríú páirtí ainmnithe ar an mbealach seo.

Níl Wi-Fi ná gléas digiteach agam. Conas is féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin?

Féadfaidh tú:

- Teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil ar an nguthán nó go pearsanta in oifigí údaráis áitiúil

- Tacaíocht a lorg ó hAbhcóideacht Sage ar féidir leo tuilleadh faisnéise a sholáthar
- Iarr ar oibrí tacaíochta iontaofa nó ar bhall teaghlaigh cabhrú leat teagmháil a dhéanamh

Ní gá rochtain dhigiteach a bheith agat chun seirbhísí Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Mharthanóirí Scoileanna Tionsclaíocha agus Ceartúcháin a úsáid.